RGCS agus an reachtaíocht

Tá an tAcht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022 laistigh de chreat an RGCS. Cosúil le RGCS déanann sé foráil maidir le rochtain ar fhaisnéis phearsanta, ach murab ionann agus an RGCS déanann sé foráil do rochtain ráthaithe agus gan folaigh ar an tsraith faisnéise atá clúdaithe ag an reachtaíocht seo.

Féach ar na Ceisteanna Coitianta. Cad iad na cineálacha faisnéise a d'fhéadfadh a bheith ar fáil? le haghaidh tuilleadh faisnéise ar na catagóirí faisnéise atá ráthaithe lena scaoileadh.

An ceart chun ceartúcháin

Ní chuireann an tAcht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022 srian ar an gceart chun ceartúcháin. Is féidir le daoine a chreideann go bhféadfadh an fhaisnéis atá ar thaifead a bheith mícheart nó neamhiomlán iarratas a dhéanamh go díreach chuig an rialaitheoir sonraí chun iarraidh go gceartófaí an taifead. Tabharfaidh an rialaitheoir sonraí comhairle maidir le conas iarratas den sórt sin a dhéanamh.

An ceart chun iarratas a dhéanamh trí iarratas duine ar a shonraí faoi airteagal 15
Ní chuireann an tAcht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe 2022 srian ar cheart chun iarratas a dhéanamh trí iarratas duine ar a shonraí (IDS). Féadfar IDS a dhéanamh go díreach chuig rialaitheoir sonraí. Áfach, próiseálfar iarratais a dhéantar trí IDS, mar atá faoin RGCS agus ní mar iarratas faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe 2022, agus mar sin is féidir go bhfaighidh tú níos lú trí IDS mar go mbeidh ar an Rialaitheoir Sonraí an tástáil chothromaithe a dhéanamh ar scaoileadh faisnéise mar atá faoi Airteagal 15.4 den RGCS.

Srianta ar chearta agus oibleagáidí an RGCS
D'fhonn oibriú éifeachtach an Achta um Fhaisnéis agus Rianú Breithe 2022 a áirithiú, tá srian ar chearta agus oibleagáidí áirithe dá bhforáiltear sa RGCS.

Mar a shainítear in Alt 68 d'Acht 2022, tá na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear sna hAirteagail seo a leanas den Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí, a mhéid a bhaineann na cearta agus na hoibleagáidí sin le próiseáil sonraí pearsanta agus

catagóirí speisialta de sonraí pearsanta ag a duine faoin Acht, srianta a mhéid is gá agus comhréireach chun a chumasú don duine a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh;

Airteagal 14 - oibleagáid gur cheart do rialaitheoir sonraí faisnéis a sholáthar don duine is ábhar do na sonraí i gcás nach bhfuarthas sonraí pearsanta ón duine is ábhar do na sonraí.

Airteagal 17 - An ceart chun scriosta (RGCS)

Airteagal 18 - An ceart chun próiseáil a shrianadh;

Airteagal 21 - An ceart agóid a dhéanamh.

Beidh srian coimhdeach ag Airteagal 12 mar gheall ar shrianta na n-alt seo.

Is é seo a leanas an bonn cirt leis na srianta seo:

Airteagal 14 - an oibleagáid gur cheart do rialaitheoir sonraí faisnéis a sholáthar don duine is ábhar do na sonraí i gcás nach bhfuarthas sonraí pearsanta ón duine is ábhar do na sonraí. Bheadh sé beagnach neamhfhéideartha do rialaitheoir sonraí an dualgas seo a chomhlíonadh mar gheall ar an bhfianaise nádúr stairiúil na dtaifead, mhéid agus éagsúlacht na dtaifead agus na noirm shóisialta éagsúla agus na cleachtais riaracháin a bhí i bhfeidhm ag an am a cruthaíodh iad. Beidh roinnt taifead bailithe ag an rialaitheoir sonraí, mar shampla an comhad uchtála a bheidh coinnithe ag an Údarás Uchtála. I gcásanna eile, mar shampla taifid áras máithreacha agus naíonán , is í an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach an rialaitheoir sonraí anois, áfach, chruthaigh na horduithe reiligiúnacha nó na húdaráis rialaithe ábhartha na taifid.

Airteagal 17 - An ceart chun scriosta. Ní bhaineann an Ceart chun scriosta le sonraí faoin Acht. Braitheann an tAcht ar fhaisnéis atá i láthair ar thaifid a scaoileadh agus tá an cumas sonraí a scriosadh contrártha leis sin. Leagtar amach in Airteagal 17(3) na díolúintí nach bhfuil feidhm ag an gceart chun scriosta leo agus tá feidhm ag an díolúine atá leagtha amach ag 17(3)(b) maidir le sonraí faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022. I gcás ina dtagann duine is ábhar do na sonraí ar an eolas faoi míchruinneas, féadfar iarratas de bhun Airteagal 16 ceart chun ceartúcháin a dhéanamh chuig an rialaitheoir sonraí.

Airteagal 18 - an ceart chun próiseáil a shrianadh. B'fhéidir gur mhian le tuismitheoir atá ainmnithe sna taifid srian a chur ar phróiseáil ar an bhforas go gcreideann siad go bhfuil míchruinneas ann. Is ar an rialaitheoir sonraí a bheadh an dualgas ansin

cruinneas an taifid stairiúil faoi dhíospóid a fhíorú agus a chinntiú go gcuirfí srian le próiseáil ar bith ar na sonraí agus an fíorú seo ar siúl. D'fhéadfadh an fíorú a bheith neamhfhéideartha go hiomlán nó d'fhéadfadh sé a bheith an-deacair agus dochraideach i dtéarmaí taifead stairiúla. Le linn an ama a bhíonn an rialaitheoir sonraí ag déanamh fíoruithe, ní féidir na sonraí a phróiseáil agus beidh impleachtaí aige sin d'iarratas a dhéanann duine uchtaithe. I gcásanna nach féidir cruinneas a fhíorú nó go bhfuil conspóid fós ann, d'fhéadfadh srian ar tréimhse ama fada a bheith mar thoradh air, agus le linn an ama sin ní féidir cearta an pháirtí eile (m.sh. an t-iarratasóir) maidir lena bunfáisnéis a shaoradh. Féadfar a thabhairt faoi deara nach bhfuil srian leis an gceart chun ceartúcháin agus, mar sin, go mbeadh duine a bhfuil imní air maidir le míchruinneas ar thaifead stairiúil in ann ceartú a iarraidh, mar shampla, trí ráiteas soiléirithe a chur i gceangal leis an taifead.

Airteagal 21 - an ceart agóid a dhéanamh. Is é príomhchuspóir na reachtaíochta ceart duine a bheith eolach ar a bhunús nó a bunús a chumhdach sa dlí agus foráil a dhéanamh maidir le teastas breithe agus faisnéis breithe a scaoileadh chuig daoine uchtaithe agus daoine eile i ngach cás. Trí cheart Airteagal 21 a shrianadh, ní bheidh oibleagáid ar rialaitheoirí sonraí a thuilleadh iarratais agóide i gcoinne próiseála a bhreithniú ar bhonn cás ar chás agus laghdóidh sé sin moilleanna agus bacainní ar scaoileadh faisnéise tionscnaimh chuig duine uchtaithe.